



Prionsabail Chumarsáide

Leagan	Dáta	Cruthaithe/Seiceáilte	Athbhreithnithe	Faofa
S3-P01	23/05/2022	Kilien O'donnell	Lori Keeve	Nora Rahill

Clár Ábhar

1.	Réamhrá	2
2.	Grúpa Comhairliúcháin	2
3.	Dul i gcomhairle le Comharsanacht Ghráinseach Ghormáin	3
4.	Dul i gcomhairle le OT Baile Átha Cliath agus FSS	5
5.	Ionadaithe Poiblí na Comhairleoireachta	5
6.	Páirtithe Leasmhara Eile	6
7.	Cumarsáid leis na Meáin	6



1. Réamhrá

Is comhlacht státurraithe í Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GFGG) a bhfuil sé de chúram uirthi tionscadal mór forbartha bonneagair a sheachadadh i gcroílár Bhaile Átha Cliath agus cuirfidh sí beartas cumarsáide cuimsitheach i bhfeidhm.

Chomh maith le riachtanais cumarsáide caighdeánacha, comhlíonann tionscadal Ghráinseach Ghormáin sainriachtanais chumarsáide agus chomhairliúcháin mar atá cumhdaithe in Acht GFGG 2005.

Éilíonn Alt 22 den Acht go mbunófaí Grúpa Comhairliúcháin agus tugann an tAcht sainordú do chomhairliúchán struchtúrtha ar bhonn leanúnach thar shaolré an tionscadail, leis an ngrúpa seo a bhfuil a bhaill ag déanamh ionadaíochta ar na páirtithe leasmhara seo a leanas:

- Cónaitheoirí a gcónaíonn i gcomharsanacht Ghráinseach Ghormáin
- Othair agus soláthraithe seirbhísí cúram sláinte laistigh de chomharsanacht Ghráinseach Ghormáin
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Foireann agus na mac léinn in OT Baile Átha Cliath
- Ionadaithe poiblí an dáilcheantair
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An tAire Sláinte agus Leanaí
- An tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil
- An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
- Agus aon chomhlacht eile a measann an GFGG nó an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a bheith ábhartha.

Leagtar amach in alt 12 den Acht garphróiseas 'plean forbartha údaráis áitiúil' chun an Plean Straitéiseach a ullmhú, a léiriú agus a bheith glactha leis agus ceanglaítear le hAlt 9, i measc feidhmeanna eile, straitéis chumarsáide a shocrú.

2. Grúpa Comhairleach

Is príomhshásra foirmiúil é an Grúpa Comhairleach le haghaidh comhairliúcháin. Tá na páirtithe leasmhara ar fad ann agus deis ann chun idirphlé a dhéanamh, faisnéis a mhalartú agus aiseolas a fháil idir na páirtithe leasmhara agus GFGG.

Is iad seo a leanas na prionsabail chreatchomhairliúcháin don ghrúpa seo:

- Ba chóir go mbeadh cruinnithe ag céimeanna cuí a léiríonn céimeanna tábhachtacha an tionscadail, seachas ar bhonn féilire seasta. Éascóidh sé seo an tionchur is éifeachtaí den ghrúpa seo chuig an bpróiseas;
- Ba chóir fógra faoi na príomhimeachtaí tionscadail a scaipeadh ar an ngrúpa idir chruinnithe;
- Ba cheart faisnéis agus cur i láthair a chuirtear ar fáil don ghrúpa a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin GFGG;
- Is féidir le baill an ghrúpa cabhrú le GFGG teagmháil a dhéanamh lena bpáirtí leasmhar ar leith;
- D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do dhaoine aonair ar féidir leo cabhrú agus eolas a chur ar fáil d'obair an ghrúpa freastal ar chruinnithe le haghaidh plé ar leith, e.g. An



Garda Síochána agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ar ndóigh, éileoidh na páirtithe leasmhara aonair a bhfuil ionadaíocht acu ar an ngrúpa deiseanna comhairliúcháin aonair a thacódh le hobair an Ghrúpa Chomhairligh agus a neartódh í.

Leagtar amach thíos na prionsabail chreachomhairliúcháin do na páirtithe leasmhara aonair, agus iad grúpáilte i gceithre chatagóir leathana.

3. Dul i gcomhairle le Comharsanacht Ghráinseach Ghormáin

3.1. Cúlra

I gcomharsanacht Ghráinseach Ghormáin tá iliomad eagraíochtaí cónaitheacha, comhlachtaí deonacha agus eagraíochtaí comhpháirtíochta. Go dtí seo, cláraíodh 59 eagraíocht san iomlán faoin bpróiseas atá leagtha amach i Sceideal 4 den Acht.

Mar fhorléargas, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an gcomhairliúchán creat a chur ar fáil chun faisnéis a scaipeadh agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar ábhair imní na ndaoine atá ina gcónaí laistigh de na pobail ar theorainn le forbairt nua Ghráinseach Ghormáin agus ba cheart go mbeadh sé in ann é sin a dhéanamh trí na nithe seo a leanas a bhunú:

- meicníocht do phobail áitiúla chun mianta an phobail a aithint i ndáil leis an bhforbairt;
- creat do phobail áitiúla chun cur le smaointe a chumasóidh an luach is fearr don phobal a bhaint as an bhforbairt, agus
- bealach chun daoine a choinneáil cothrom le dáta maidir le gach gné ábhartha den fhorbairt.

3.2. Grúpaí Pobail Áitiúla

Tá líon leathan tionscadal/grúpaí pobail agus deonacha i dtuaisceart agus in iarthar na cathrach a dhéileálann le raon leathan saincheistanna, lena n-áirítear, cúram leanaí, an óige, úsáid drugaí, oideachas, tacaíocht teaghlaigh, forbairt inniúlachta, ionaid acmhainne, saincheistanna idirchultúrtha srl. Tá bonneagar líonraithe pobail áitiúil - **Líonra Lár na Cathrach san Iarthuaisceart** - ag feidhmiú sa cheantar ó 1997 agus tá formhór na ngrúpaí pobail agus deonacha ceangailte leis an líonra seo. Chomh maith leis sin, tá **Fóram Pobail** bunaithe sa cheantar atá ionadaíoch ar na Coimpléisc árasáin go léir de chuid na nÚdarás Áitiúil. Bunaíodh **Comhaontas Cónaitheoirí Ghráinseach Ghormáin** - comhdhéanta d'ionadaithe áitritheoirí áitiúla sna ceantair máguaird den choimpléasc Ghráinseach Ghormáin. Cuireadh **Fóram Pobail Ghráinseach Ghormáin** le chéile agus é mar aidhm aige cur chuige straitéiseach agus comhairleach a chinntiú i leith na forbartha.

Tá na grúpaí áitiúla seo gníomhach agus tá siad in áit mhaith chun páirt a ghlacadh in imeachtaí comhairliúcháin a eagraíonn an GFGG.

3.3. An Straitéis

Is iad seo a leanas na prionsabail a bheidh sa straitéis maidir leis an tsraith chomhairliúcháin seo:



- Beidh comhairliúchán pobail fiúntach, cruthaitheach agus solúbtha;
- Tá an GFGG tiomanta do rannpháirtíocht dáiríre atá bunaithe ar chomh-mhuinín agus meas;
- Ba cheart don chomhairliúchán a bheith mar bhonn eolais do chinntí;
- Ba cheart gur próiseas rannpháirtíochta fairsing é an próiseas - atá dírithe ar gach cónaitheoir áitiúil (nó ionadaithe cónaitheacha) agus gach páirtí leasmhar ábhartha a chuimsiú;
- Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an bpróiseas a chinntiú go rachfar i gcomhairle le cónaitheoirí nach bhfuil cleamhnaithe le grúpaí cónaitheoirí foirmiúla nó le líonraí áitiúla freisin, agus
- Tionólfadh GFGG cruinnithe agus eagróidh sé cruinnithe chun rannpháirtíocht a éascú.

Go hachomair, déanfar gach iarracht an pobal áitiúil agus na príomhpháirtithe eile a choinneáil ar an eolas go hiomlán faoin tionscadal ar bhonn leanúnach

3.4. Gnéithe den chomhairliúchán

Tá dhá ghné iontach leathan sa phróiseas comhairliúcháin, is iad sin **(1) Pleanáil Fhisiciúil** i.e. i dtéarmaí an Phlean Straitéisigh, agus na tógála leantaí agus **(2) Áiseanna/seirbhísí** a bheidh mar chuid den fhorbairt agus a chuirfidh seirbhísí poiblí ar fáil don phobal, don chathair agus don stát.

Beidh na nithe seo a leanas sa phróiseas cumarsáide/comhairliúcháin:

- Déanfaidh '**príomhtheagmhálaí**' sa Gníomhaireacht teagmháil agus líonrú leis an bpobal;
- Déanfar réamhchomhairliúcháin scóipe leis na **páirtithe leasmhara agus na cónaitheoirí áitiúla go léir;**
- Rachfar i gcomhairle freisin le **gnólachtaí áitiúla** (go háirithe gnólachtaí beaga a d'fhéadfaidís leas a bhaint as an ionad goir atá beartaithe ag OT Baile Átha Cliath);
- Beidh **dianchomhairliúchán** ar siúl le cónaitheoirí maidir leis an bPlean Straitéiseach:
 - chun mianta pobail a spreagadh, agus
 - chun seirbhísí/saoráidí a aithint a d'fhéadfaí a dhearadh ar an dóigh ar fearr chun freastal ar OT Baile Átha Cliath agus ar FSS (príomhaititheoirí beartaithe na forbartha) agus ar an bpobal m.sh. scoileanna, páirceanna, saoráidí spóirt/fóillíochta, leabharlann ghinearálta, saoráidí leabharlainne OT Baile Átha Cliath, agus saoráidí Cúraim Príomhúil Sláinte FSS.
- Reáchtálfar **cruinnithe pobail rialta** chun páirtithe leasmhara a nuashonrú ar an dul chun cinn;
- Coinneofar **Leathanach Comhairliúcháin Pobail** cothrom le dáta ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta;
- Dáilfear '**cora poist nuachtlitreach**' go rialta ar gach teaghlach, eagraíocht,



gníomhaireacht, gnó sa cheantar;

- Tarlóidh cumarsáid maidir le **hiarratais phleanála d'fhorbairtí** ; agus
- Coimeádfar cumarsáid leanúnach i rith **chéim na tógála**.

4. Dul i gcomhairle le OT Baile Átha Cliath agus FSS

4.1. Cúlra

Tá an GFGG tiomanta do dhlúth-rannpháirtíocht le hOT Baile Átha Cliath agus le FSS maidir lena n-áiseanna atá beartaithe don láithreán agus meastar go bhfuil cur chuige dlúthpháirtíochta ríthábhachtach.

4.2. Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Tá oifig phleanála campais bunaithe ag OT Baile Átha Cliath a sholáthraíonn pointe teagmhála lárnach don GFGG agus a éascaíonn dlúthchaidreamh táirgiúil go mór.

Glacann foireann agus mic léinn OT Baile Átha Cliath páirt i struchtúir fhoirmiúla in OT Baile Átha Cliath maidir leis an tionscadal agus beidh an GFGG rannpháirteach sna struchtúir sin agus ag tacú leo. Chomh maith leis sin, bunóidh GDA caidrimh aonair leis na grúpaí sin ionas go gcuirfead a n-ábhair inní agus a dtuairimí, bíodh siad cosúil nó difriúil le hábhair inní eagraíocht chorparáideach OT Baile Átha Cliath, isteach sa phróiseas.

4.3. FSS

Mar aon le hOT Baile Átha Cliath, cabhraíonn bunú foireann tionscadail ag FSS go mór le cumarsáid éifeachtach agus cinnteoidh GFGG go n-éascófar an fhoireann seo go hiomlán trí dhoiciméid agus cruinnithe a sholáthar le comhairleoirí GFGG.

Laistigh de FSS, tá struchtúir ann le haghaidh comhairliúcháin foirne agus le haghaidh comhairliúcháin le hothair Ospidéal Naomh Breandán. Mar aon le hOT Bhaile Átha Cliath, tacóidh GFGG leis na struchtúir sin agus rachfar i dteagmháil lasmuigh de na struchtúir sin leis na páirtithe leasmhara seo.

Beidh na sraitheanna comhairliúcháin seo cuimsitheach agus substaintiúil agus leathnóidh siad tríd an máistirchéim phleanála go dtí na céimeanna feidhmithe.

5. Ionadaithe Poiblí na Comhairleoireachta

Bíonn roinnt TDanna agus Comhairleoirí páirteach ar Bhord an GFGG nó ar an nGrúpa Comhairleach. Coinnítear na daoine seo ar an eolas faoi fhorbairtí tionscadail agus is féidir leo ionchuir thábhachtacha a thairiscint ag príomhchéimeanna an phróisis trí bhallaíocht sna grúpaí seo.

Tá GFGG tiomanta dá chinntiú go mbeidh gach ionadaí poiblí, lena n-áirítear iad siúd nach baill den Bhord nó den Ghrúpa Comhairleach iad, coinnithe ar an eolas agus go dtabharfar deiseanna dóibh tuairimí a ndáilcheantair a léiriú. Chun é seo a bhaint amach:

- ba cheart fógra faoi na príomhimeachtaí tionscadail a scaipeadh ar na hionadaithe poiblí go léir, agus
- Ba cheart do GFGG ionadaithe poiblí a éascú trí fhaisnéis chuimsitheach a sholáthar nuair a iarrtar í agus trí chruinnithe a thionól nó trí fhreastal ar



chruinnithe de réir mar is gá.

6. Páirtithe Leasmhara Eile

Is iondúil go bhfreastalófar ar na páirtithe leasmhara eile i.e. Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an tAire Sláinte agus Leanaí, an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, agus an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta trí chur chuige cumarsáide níos foirmiúla agus níos caighdeánaí.

Cuimseoidh sé seo comhfhreagras foirmiúil cuí de réir mar is gá, ag freagairt go pras agus go cuimsitheach ar cheisteanna, agus ag bualadh le páirtithe ábhartha sna heagraíochtaí sin.

7. Cumarsáid leis na Meáin

Chomh maith le lucht na bpáirtithe leasmhara thuas, tá an gá le cumarsáid a dhéanamh leis na meáin, idir náisiúnta agus áitiúil, le sainirisí agus le grúpaí agus gnólachtaí ginearálta ar suim leo.

Leanfaidh GFGG ag leathnú na faisnéise atá ar fáil de réir mar a fhorbróidh an tionscadal agus beidh ábhar faisnéise cuí ag teastáil ó gach garspíoc mhór sa tionscadal, (m.sh. lucht pleanála máistir a fhostú, plean straitéiseach a fhoilsiú, iarratais phleanála a chur isteach, conraitheoirí a cheapadh, tús a chur leis an obair).

Beidh sé mar aidhm ag GFGG ábhar faisnéise agus íomhánna ardchaighdeán a tháirgeadh agus déanfar bainistiú agus nuashonrú leanúnach ar an suíomh gréasáin ar www.ggda.ie chun stór d'ábhar cúlra reatha cuimsitheach a sholáthar faoin tionscadal.